C/2024/1215

31.1.2024

Foilsiú iarratais ar leasú ar shonraíocht le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/1215)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

‘ **Lisboa** ’

PGI-PT-A1535-AM01

Dáta cur i bhfeidhm: 13.3.2017

1. **Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú**

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. **Tuairisc ar an leasú agus cúiseanna atá leis**

2.1. *Faisnéis a bhaineann leis an iarratasóir*

Nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an iarratasóir.

Cúiseanna: Toisc go bhfuil na sonraí as dáta, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht na rialacháin atá i bhfeidhm agus tá sé beartaithe chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Faisnéis eile’ – Mionsonraí an iarratasóra.

2.2. *Faisnéis a bhaineann le páirtithe leasmhara*

Scriosadh na faisnéise a bhaineann le páirtithe leasmhara.

Cúiseanna: Toisc go bhfuil na sonraí as dáta, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht na rialacháin atá i bhfeidhm agus tá sé beartaithe chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Faisnéis eile’ - Páirtithe leasmhara.

2.3. *Faisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialála*

Nuashonrú ar fhaisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialála

Cúiseanna: Toisc go bhfuil na sonraí as dáta, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht na rialacháin atá i bhfeidhm agus tá sé beartaithe chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a fheabhsú agus a shoiléiriú.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Faisnéis eile’ – Faisnéis a bhaineann le comhlachtaí rialaithe.

2.4. *Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla*

Nuashonrú ar fhaisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla

Cúiseanna: Toisc go bhfuil na sonraí as dáta, is gá í a thabhairt cothrom le dáta. Tá gá leis sin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsonraíocht na rialacháin atá i bhfeidhm agus tá sé beartaithe chun an tuairisc a cuireadh ar fáil cheana a fheabhsú agus a shoiléiriú.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Faisnéis eile’ – Faisnéis a bhaineann leis na húdaráis mhaoirseachta inniúla.

2.5. *Catagóir táirge – Catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis – Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Cuireadh an chatagóir ‘Fíon súilíneach ar ardchaighdeán’ leis.

Cúiseanna: Cuidiú chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó mar ainmniúchán tionscnaimh.

Tá an cineál táirge sin á dhéanamh cheana ag táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta atá in úsáid sa réigiún, agus tá cáilíocht shainiúil agus saintréithe tipiciúla aige. Ar an mbealach sin is aitheantas ar a thábhacht agus ar a cháilíocht agus ar a luach breise dá tháirgeoirí an táirge nua seo a chuimsiú in TGFC ‘Lisboa’.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fíoneolaíochta shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.6. *Catagóir táirge – Catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis – Fíon leathshúilíneach*

Cuirtear an chatagóir ‘Fíon leathshúilíneach’ leis.

Cúiseanna: Cuidiú chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó mar ainmniúchán tionscnaimh.

Tá an cineál táirge sin á dhéanamh cheana ag táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta atá in úsáid sa réigiún, agus tá cáilíocht shainiúil agus saintréithe tipiciúla aige. Ar an mbealach sin is aitheantas ar a thábhacht agus ar a cháilíocht agus ar a luach breise dá tháirgeoirí an táirge nua seo a chuimsiú in TGFC ‘Lisboa’.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fíoneolaíochta shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.7. *Catagóir táirge – Catagóir nua táirgí fíniúna a chur leis – Fíon leathshúilíneach aeraithe*

Cuireadh an chatagóir ‘Fíon leathshúilíneach aeraithe’ leis.

Cúiseanna: Cuidiú chun luach eacnamaíoch táirge atá sa réigiún cheana a mhéadú, trí aitheantas a thabhairt dó mar ainmniúchán tionscnaimh.

Tá an cineál táirge sin á dhéanamh cheana ag táirgeoirí i gcomhréir leis na cleachtais thraidisiúnta atá in úsáid sa réigiún, agus tá cáilíocht shainiúil agus saintréithe tipiciúla aige. Ar an mbealach sin is aitheantas ar a thábhacht agus ar a cháilíocht agus ar a luach breise dá tháirgeoirí an táirge nua seo a chuimsiú in TGFC ‘Lisboa’.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fíoneolaíochta shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

Pointí arna leasú (sonraíocht): ‘Catagóirí an táirge fíniúna’, ‘Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta)’, ‘Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha’, ‘Nasc leis an limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise’.

2.8. *Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta) – catagóirí fíona, fíona licéir, agus fíona shúilínigh*

Feabhsaíodh agus oiriúnaíodh an tuairisc ar na catagóirí fíona, fíona licéir agus fíona shúilínigh.

Cúiseanna: Ós rud é gur measadh gur tuairisc chineálach dhoiléir a bhí sa tuairisc roimhe seo ar an nasc, is gá dúinn é a oiriúnú chun béim níos fearr a chur ar na saintréithe atá bainteach le táirgí a chumhdaítear le TGFC 'Lisboa'. Is gá é sin chun an doiciméad aonair agus an tsonraíocht a chur i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): 'Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta) – catagóirí fíona, fíona licéir agus fíona shúilínigh.

Pointí arna leasú (sonraíocht): 'Tuairisc ar an bhfíon (na fíonta) – catagóirí fíona, fíona licéir agus fíona shúilínigh.

2.9. *Nasc leis an limistéar geografach*

Feabhsaíodh agus oiriúnaíodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis faoin limistéar geografach, sonraí an táirge agus a nasc cúisíoch, i leith na gcatagóirí táirgí a bhí ann cheana agus na gcatagóirí táirgí nua araon.

Cúiseanna: Ós rud é, ar thaobh amháin, gur measadh gur tuairisc chineálach dhoiléir a bhí sa tuairisc roimhe seo ar an nasc, agus, ar an taobh eile, gur ghá an tuairisc ar an nasc a chur leis na catagóirí nua táirge (fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach, agus fíon leathshúilíneach aeraithe), rinneadh athbhreithniú ar ábhar an phointe seo chun na catagóirí táirge uile a áireamh. Fágann sé sin go bhfuil an t-ábhar níos oibiachtúla, toisc go bhfuil feidhm ag an nasc a bunaíodh leis an limistéar geografach thar gach catagóir.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): Nasc leis an limistéar geografach.

Pointí arna leasú (sonraíocht): Nasc leis an limistéar geografach.

2.10. *Ainmniúchán Vinho leve' [Fíon éadrom]*

Soiléiriú ar na ceanglais maidir le húsáid an ainmniúcháin 'Leve' [Éadrom] ar an lipéadú.

Cúiseanna: Soiléirítear go bhféadfar an t-ainmniúchán 'Leve' [Éadrom] a úsáid le haghaidh táirgí fíona ar a bhfuil TGFC 'Lisboa' faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chreat dlíthiúil is infheidhme.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): 'Coinníollacha breise' – 'Lipéadú'.

Pointí arna leasú (sonraíocht): 'Coinníollacha breise' – 'Lipéadú'.

2.11. *Príomhchineálacha fíonchaor - cineálacha nua a chur san áireamh*

Leasú/oiriúnú ar liosta na gcineálacha. Is iad na cineálacha a tugadh isteach: Bacchus, Códega-do-Larinho, Gouveio, Grüner-Veltliner, Feteasca-Alba, Liliorila, Marsanne, Moscatel-Galego-Branco, Petit-Manseng, Rotgipfler, Roussanne, Verdejo, Vermentino, Acolon, Aglianico, Arinarnoa, Cabernet-Cubin, Cabernet-Dorsa, Cabernet-Mitos, Carmenère, Chambourcin, Cot Malbec, Dolcetto, Dornfelder, Durif / Petite-Syrah, Lemberger, Marselan, Nebbiolo, Nero, Nero-d'Avola, Sangiovese, Sezão agus Tinta-Francisca.

Cúiseanna: An gá atá ann na cineálacha atá sainithe maidir le táirgeadh fíonta i réigiún Liospóin a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta do chreat dlíthiúil nua an liosta náisiúnta de chineálacha atá oiriúnach le haghaidh fíon a tháirgeadh sa Phortaingéil, lena n-áirítear cineálacha nua a bhí ábhartha maidir le saintréithriú fhíonta an réigiúin.

Tá na cineálacha sin mar chuid de léarscáil chineálach thraidisiúnta an limistéir gheografaigh, mar sin ní athraítear sainghné fhíonta TGFC 'Lisboa' mar thoradh ar a gcuimsiú ach cuidíonn sé leis an tuairisc a bharrfheabhsú.

Pointí arna leasú (doiciméad aonair): 'Coinníollacha breise' – 'Lipéadú'

Pointí arna leasú (sonraíocht): 'Coinníollacha breise' – 'Lipéadú'

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Lisboa

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

9. Fíon leathshúilíneach aeraithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Fíon

Fíonta bána: Tá réimse dathanna idir dath citris, buí na tuí agus buí órga orthu. Tá blasanna aramatacha uathu atá idir bláthach agus torthaíoch, de thorthaí bia ghil go torthaí trópaiceacha. Tá an blas éadrom agus úr go bunúsach, agus aigéadacht mhaith, mianracht fhriseáilte agus struchtúr maith acu.

Fíonta rosé: Tá dath bándearg de dhéine éagsúil orthu. Tá blas toraidh cumhra orthu mar aon le dea-bholaithe torthaí dearga a thagann le chéile go maith le blúirín beag de dhea-bholadh bláthanna ó mhín go dian. Sa bhéal, tá siad úr agus cothromaithe, agus aigéadacht agus mianracht fhriseáilte, struchtúr maith agus iarbhlas fada agus deas acu.

Fíonta dearga: Bíonn dath idir dath an rúibín agus dath an ghairnéid de dhéine éagsúil ar na fíonta dearga. Bíonn siad torthaíoch agus aramatach, agus blasanna torthaí dearga agus fiáine nó sútha aibí den chuid is mó acu, mar aon le miondifríochtaí balsamacha ag brath ar dhea-bholaithe na bpríomhchineálacha a úsáidtear san fhíon. Bíonn siad galánta, tathagach, agus aigéadacht chothromaithe iontu, mar aon le hiarbhlas fada, agus tainniní láidre dea-chomhtháthaithe a thugann castacht agus struchtúr maith dóibh.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Fíon licéir

Fíonta bána: Bíonn dath órbhuí de dhéine éagsúil orthu. Bíonn dea-bholaithe tréana agus casta de thorthaí triomaithe, spíosraí, bláth oráiste, beagán meala agus seacláid orthu. Bíonn siad torthaíoch, agus blasanna acu cosúil lena ndea-bholaithe, iad mín agus galánta agus iarbhlas fada acu.

Fíonta dearga: Bíonn dath an rúibín de dhéine éagsúil orthu, agus dea-bholaithe de shubh torthaí foraoise, spíosraí, blasanna tóstáilte éagsúla agus seacláid orthu. Dian agus domhain sa bhlas, bíonn siad tathagach, leathan agus cothromaithe, agus struchtúr maith, galántacht agus iarbhlas fada acu.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	15
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. Fíon súilíneach

Fíonta bána: De ghnáth bíonn dath buí citris de dhéine éagsúil orthu ag brath ar an am aosaithe. Bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha orthu ag brath ar dhea-bholaithe na bpríomhchineálacha a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh agus ar an teicneolaíocht fíonóireachta a úsáidtear. Sa bhéal bíonn súilíní míne leanúnacha acu agus cothromaíocht úire, toirt sa bhéal, agus aigéadacht chothromaithe.

Fíonta rosé: De ghnáth bíonn dath geal an bhradáin ar na fíonta rosé, agus súilíní míne leanúnacha iontu. Is fíonta iad ar a mbíonn dea-bholaithe torthaíocha, is é sin blasanna de thorthaí dearga den chuid is mó. Bíonn siad úr agus galánta sa bhéal, agus blasanna torthaíocha agus aigéadacht chothromaithe iontu.

Fíonta dearga: Bíonn cuma shoiléir orthu, dath an-dearg, agus mús sách marthanach beoga agus imreacha cairmín. Is iad na blasanna plandúla agus torthaíocha d'fhíonchaora úra na dea-bholaithe is suntasaí. Bíonn blasanna torthaíocha aramatacha suntasacha sa bhéal freisin. Bíonn na fíonta mín agus cothrom, bíonn tathag maith agus próifíl úr acu, mar aon le haigéadacht chothromaithe agus iarbhlas fada comhchuí.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	9.5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Fíonta bána: De ghnáth bíonn dath buí citris de dhéine éagsúil orthu ag brath ar an am aosaithe. Bíonn dea-bholaithe bláthacha agus torthaíocha orthu ag brath ar dhea-bholaithe na bpríomhchineálacha a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh agus ar an teicneolaíocht fíonóireachta a úsáidtear. Sa bhéal bíonn súilíní míne leanúnacha acu agus cothromaíocht úire, toirt sa bhéal, agus aigéadacht chothromaithe.

Fíonta rosé: De ghnáth bíonn dath geal an bhradáin ar na fíonta rosé. Bíonn siad iontach saibhir ó thaobh dea-bholaithe, agus an-chuid blasanna aramatacha de thorthaí dearga. Bíonn súilíní úra leanúnacha acu sa bhéal, maille le húire agus galántacht, blasanna torthaíocha agus aigéadacht chothromaithe.

Fíonta dearga: Bíonn cuma shoiléir orthu, dath an-dearg, agus mús sách marthanach beoga agus imreacha cairmín. Bíonn an dea-bholadh orthu dian, agus is iad na blasanna plandúla agus torthaíocha d'fhíonchaora úra na dea-bholaithe is suntasaí. Bíonn blasanna torthaíocha aramatacha suntasacha sa bhéal freisin. Bíonn na fíonta mín agus cothrom, bíonn tathag maith agus próifíl úr acu, mar aon le haigéadacht chothromaithe agus iarbhlas fada comhchuí.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Fíon leathshúilíneach

Fíonta bána: Tá réimse dathanna orthu idir dath buí citris agus buí órga. Tá blasanna aramatacha uathu atá idir bláthach agus torthaíoch, de thorthaí bia ghil go torthaí trópaiceacha. Tá siad éadrom agus úr go bunúsach sa bhéal, agus aigéadacht agus mianracht shuntasach acu.

Fíonta rosé: Is é an dath bándearg atá orthu, de dhéine éagsúil, is saintréith dóibh. Tá siad torthaíoch agus cumhra. Is iad na dea-bholaithe de thorthaí dearga na dea-bholaithe is suntasaí, a thagann le chéile go maith le blúirín beag de dhea-bholadh bláthanna ó mhín go dian. Is fíonta úra cothromaithe iad a bhfuil iarbhlas fada agus deas acu, mar aon le mianracht agus aigéadacht fhriseáilte.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

6. Fíon leathshúilíneach aeraithe

Fíonta bána: Tá réimse dathanna orthu idir dath buí citris agus dath buí tuí. Tá blasanna aramatacha uathu atá idir bláthach agus torthaíoch, de thorthaí bia ghil go torthaí trópaiceacha. Tá siad éadrom agus úr go bunúsach sa bhéal, agus aigéadacht shuntasach acu. Cuireann an dé-ocsaíd charbóin atá iontu le húire agus beocht.

Le haghaidh na bparaiméadar anailíseach eile, tá feidhm ag na luachanna a leagtar síos sa reachtaíocht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	3,5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

a. *Cleachtais fíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe – treorú fíniúnacha agus ithreacha

Modhanna saothraithe

Maidir le fíniúnacha a úsáidtear chun fíonta agus táirgí fíona a dhéanamh agus atá i dteideal TGFC 'Lisboa', ní mór dóibh a bheith ina mbarra íona agus ní mór iad a threorú chun go bhfásfaidh siad gar don talamh, agus ní mór iad a phrúnáil i stíl toir nó cordúin.

Maidir le fíniúnacha a úsáidtear chun táirgí fíona a tháirgeadh agus atá i dteideal TGFC 'Lisboa', ní mór iad a fhás nó a phlandáil ar cheann de na cineálacha ithreach seo a leanas:

— ithreacha aolmhara donna nó dearga ina bhfuil marla agus gaineamhchloch mhín nó aolchloch chrua idirchisealaithe;

— ithreacha aolmhara donna nó dearga ina bhfuil aolchloch bhriosc nó marla;

— liteasail neamh-húmasacha dhonna nó dhearga ina bhfuil gaineamhchloch shrathaithe mhín agus gharbh;

— ithreacha donna na Meánmhara ina bhfuil gaineamhchloch mhín, cré nó sceall;

— ithreacha dearga na Meánmhara ina bhfuil gaineamhchloch mhín, cré, sceall, aol crua nó dolaimít;

— podsail a bhféadfadh gaineamh nó cailcréití gaineamhchloiche a bheith iontu;

— reigeasail shaimíteacha ghainmheacha;

— ithreacha gláracha úrnua;

— ithreacha gláracha salanda;

— láib idir scothdhearg agus donn ina bhfuil basalt.

2. Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe – neart alcóil nádúrtha de réir toirte

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Maidir leis na húrfhíonta a úsáidtear chun na táirgí atá i dteideal TGFC 'Lisboa' a dhéanamh, ní mór na cionta seo a leanas de neart alcóil nádúrtha íosta a bheith acu de réir toirte:

(a) fíon – 9 % de réir toirte;

(b) fíon súilíneach – 9 % de réir toirte;

(c) fíon súilíneach ar ardchaighdeán – 9 % de réir toirte;

(d) fíon leathshúilíneach – 7,5 % de réir toirte;

(e) fíon leathshúilíneach aeráide – 7,5 % de réir toirte;

(f) fíon licéir – toirt 12 %

b. *Uastáirgeacht*

Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe

200 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsíonn limistéar geografach TGFC 'Lisboa' an méid seo a leanas:

— ceantar Liospóin, seachas bardas Azambuja;

— i gceantar Leiria, áirítear leis bardais Alcobaça, Batalha, Bombarral, Caldas da Rainha, Leiria, Marinha Grande, Nazaré, Óbidos, Peniche, Pombal, ach ní paróistí Abiul, Pelariga, Redinha agus Vila Cã, agus bardas Porto de Mós; agus

— i gceantar Santarém, bardas Ourém.

Is mar a leanas atá an limistéar geografach a tháirgeann fíonta a fhéadfar a mhargú le hainm foréigiúin:

(a) Estremadura:

— ceantar Liospóin, seachas bardas Azambuja;

— i gceantar Leiria, bardais Bombarral, Peniche agus Óbidos agus na paróistí uile i mbardas Caldas da Rainha, seachas Carvalhal Benfeito, Santa Catarina agus Salir de Matos.

(b) Alta -Estremadura:

— i gceantar Leiria, bardais Alcobaça, Batalha, Leiria, Marinha Grande, Nazaré, Pombal — seachas paróistí Abiul, Pelariga, Redinha agus Vila Cã — agus Porto de Mós agus paróistí Carvalhal Benfeito, Santa Catarina agus Salir de Matos de bhardas Caldas da Rainha;

— i gceantar Santarém, bardas Ourém.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Acolon

Aglianico

Alfrocheiro - Tinta-Bastardinha

Alicante-Bouschet

Alicante-Branco

Almafra

Alvadurão

Alvarinho

Amostrinha

Antão-Vaz

Aragonez - Tinta-Roriz; Tempranillo

Arinarnoa

Arinto - Pedernã

Bacchus

Baga

Bastardo - Graciosa

Bical - Borrado-das-Moscas

Boal-Branco

Boal-Espinho

Bonvedro

Cabernet-Cubin

Cabernet-Dorsa

Cabernet-Franc

Cabernet-Cubin

Cabernet-Sauvignon

Cabinda

Caladoc

Camarate

Carignan

Carmenère

Castelão - João-de-Santarém(1); Periquita

Boal-Branco

Cercial - Cercial-da-Bairrada

Chambourcin

Chardonnay

Chenin - Chenin-Blanc

Cinsaut

Cot - Malbec

Códega-do-Larinho

Diagalves

Dolcetto

Dornfelder

Durif – Petite-Syrah

Encruzado

Fernão-Pires - Maria-Gomes

Fernão-Pires-Rosado

Feteasca -Alba

Galego -Dourado

Gewürztraminer

Gouveio

Grand-Noir

Grenache

Grüner-Veltliner

Jaen - Mencía

Jampal

Lemberger - Blaufränkisch

Liliorila

Loureiro

Malvasia

Malvasia-Fina - Boal; Bual

Malvasia-Rei

Marquinhas

Marsanne

Marselan

Merlot

Monvedro

Moreto

Moscatel-Galego-Branco - Muscat-à-Petits-Grains

Moscatel-Graúdo - Moscatel-de-Setúbal

Nebbiolo

Negra -Mole

Nero

Nero-d'Avola

Parreira-Matias

Petit-Manseng

Petit-Verdot

Pinot-Blanc

Pinot-Gris - Pinot-Grigio

Pinot-Noir

Preto-Cardana

Preto-Martinho

Rabo-de-Ovelha

Ramisco

Mice

Riesling

Rotgipfler

Roussanne

Rufete - Tinta-Pinheira

Sangiovese

Sauvignon - Sauvignon-Blanc

Seara-Nova

Semillon

Sercial - Esgana-Cão

Sezão

Syrah - Shiraz

Síria - Roupeiro, Códega

Tamarez - Molinha

Tannat

Tinta -Barroca

Tinta -Caiada - Pau-Ferro, Tinta-Lameira

Tinta -Carvalha

Tinta-Francisca

Tinta-Grossa - Carrega-Tinto

Tinta-Miúda

Tinta Negra Mole, Saborinho

Tinta-Pomar

Tinta-de-Lisboa - Bastardo-Tinto

Tintinha

Tinto-Cão

Touriga-Franca

Touriga-Nacional

Trincadeira - Tinta-Amarela, Trincadeira-Preta

Trincadeira-Branca

Trincadeira-das-Pratas

Tália - Ugni-Blanc; Trebbiano-Toscano

Valbom

Verdejo

Verdelho

Vermentino

Vinhão - Sousão

Viognier

Viosinho

Vital

Zinfandel

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe

Mionsonraí an limistéir gheografaigh:

Cumhdaítear leis an limistéar táirgthe do TGFC 'Lisboa' na bardais uile ar imeallbhord an Atlantaigh ar taobh thuaidh d'inbhear an Tagus, agus é taobh le Beiria sa tuaisceart agus Ribatejo san oirthear.

Tá rilíf thopagrafach an réigiúin réidh den chuid is mó, agus tá an airde idir 50 agus 200 m ar an meán.

Cré-aolchloch agus cré ghainmheach atá in ithreacha uile an réigiúin, a bheag nó a mhór. Braitheann cáilíocht na n-ithreacha, i measc tosca eile, ar an méid cré atá iontu, rud a bhfuil tionchar aige ar oiriúnacht na n-ithreacha chun críoch talmhaíochta. Ithreacha alcaileacha agus dea-dhraenáilte atá iontu den chuid is mó.

Bíonn an aeráid measartha, gan aon mhór-éagsúlacht i dtaobh teochta. Is saintréith den réigiún é meánfhrasaíocht bhliantúil idir 600 agus 1 000 mm, ina mbíonn geimhreadh séimh agus samhradh measartha fionnuar, agus gaotha aniar measartha lán le taise i dtreis ann.

Fásadh fíniúnacha le linn fhorghabháil na Róimhe. Tháinig méadú ar a bhfás le linn na Meánaoiseanna a bhuí le hoird rialta, agus bhí ról tábhachtach acu anseo ina dhiaidh sin.

Bhí na hoird rialta ar thús cadhnaíochta san fhíonóireacht ar dtús. Tháinig fás tobann ar tháirgeacht agus tomhaltas, mar a tharla freisin le haitheantas ar cháilíocht na bhfíonta, a tháinig chun bheith ar cheann de na táirgí is suntasaí i ngeilleagar an réigiúin le himeacht ama.

Baineann saintréithe sonracha na dtáirgí leis an limistéar geografach

Tá tréithe idirdhealaitheacha ag fíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe TGFC 'Lisboa'. Bíonn siad aramatach, úr agus cothromaithe, agus aigéadacht agus mianracht shuntasach acu.

Nasc leis an limistéar geografach:

Is é an tionchar a bhíonn ag dálaí ithreach agus aeráide an limistéir táirgthe a chinneann saintréithe cáilíochta na bhfíonta. Leis an aeráid mheasartha úr ghaofar agus leis na hithreacha dea-dhraenáilte, tá réigiún Liospóin ar cheann de na limistéir fíonsaothrúcháin is saibhre i ngeall ar raon na gcineálacha a chuirtear, na cineálacha ithreach, agus aeráid.

Is toisc chinntitheach é an tionchar muirí sna teochtaí measartha i gcaitheamh na bliana, in éineacht le titim ard báistí sa gheimhreadh agus gaotha bogthaise an tsamhraidh, lena n-áirithítear aibiú fada cothromaithe na bhfíonchaor. Caomhnaítear leis sin, ina dhiaidh sin, leibhéal maith aigéadachta nádúrtha sna fíonchaora. Is é sin a thugann a n-úire shainiúil agus a n-aigéadacht chothromaithe d'fhíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe TGFC 'Lisboa'.

Tá tábhacht ag baint le haibiú mall na bhfíonchaor freisin le haghaidh fhorbairt chomhdhúile feanólacha agus réamhtheachtaithe aramatacha na bhfíonchaor, rud a léirítear i bhfíonta aramatacha, fíonta licéir, fíonta súilíneacha, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe.

Na hithreacha, a bhíonn de chineál cailcreach go príomha, cuireann siad go cinntitheach leis an mianracht a léirítear i bhfíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe TGFC 'Lisboa'.

Bíonn saintréithe sainiúla ag na fíonta, is é sin mianracht, aigéadacht agus úire, mar thoradh ar an nasc idir tosca ithreach agus aeráide ar thaobh amháin agus cineálacha fíonchaor an réigiúin ar an taobh eile.

Tá tábhacht chinntitheach ag baint leis an toisc dhaonna, a chaomhnaíonn traidisiúin a théann siar na mílte bliain agus a léirítear i rogha na gcineálacha atá dulta is fearr in oiriúint do na dálaí sa limistéar geografach maidir le fíonchaora a tháirgeadh a thugann a saintréithe d'fhíonta, fíonta licéir, fíonta súilíneacha, fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta leathshúilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha aeraithe TGFC 'Lisboa'.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe - táirgeadh

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An fhíonóireacht agus ullmhúchán na dtáirgí a bhfuil TGFC 'Lisboa' orthu, féadfar iad a dhéanamh i gcóngaracht láithreach an limistéir gheografaigh táirgeachta, faoi réir údarú an chomhlachta deimhniúcháin, i gcomhréir leis na rialacha rialaithe arna leagan síos ag na comhlachtaí sin.

Fíon, fíon licéir, fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe - lipéadú

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Seiceálacha ar lipéadú roimh chur ar an margadh.

Ní mór an t-ainm branda a bheith ar an lipéadú.

Fíon, fíon leathshúilíneach agus fíon leathshúilíneach aeraithe – an t-ainmniúchán 'Leve'

Creat dlíthiúil:

Dlí an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an t-ainmniúchán 'Leve' [Éadrom] a úsáid le haghaidh táirgí fíona ar a bhfuil TGFC 'Lisboa' faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chreat dlíthiúil is infheidhme.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ivv.gov.pt/np4/8616.html